Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13549/26**

**STAT 12**
**FIN 1351**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 474 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 474 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 474 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2026
COM(2026) 474 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ NA TUARASCÁLA

Tá leagtha síos ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, trí bhíthin rialacháin, Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh[1] (dá ngairtear na '**Rialacháin Foirne**' anseo feasta) agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (dá ngairtear na '**Coinníollacha Fostaíochta**' anseo feasta), mar a cheanglaítear le hAirteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cé go rialaítear go mion leis na gníomhartha reachtacha sin an caidreamh dlíthiúil idir institiúidí[2] (agus gníomhaireachtaí[3]) an Aontais agus a mbaill foirne, ní gníomhartha uileghabhálacha iad, toisc go gcumhachtaítear go sainráite leo d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais tuilleadh rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le roinnt saincheisteanna.

Faoi **Athchóiriú 2014 ar na Rialacháin Foirne**[4], thug na comhreachtóirí sásraí isteach chun cur le **comhlíonadh** an chreata reachtaigh agus chun **rialachas** éifeachtach a neartú, agus an tráth céanna ligean do na hinstitiúidí agus do na gníomhaireachtaí leas a bhaint as neamhspleáchas a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta i leith a mball foirne.

Ó rinneadh an t-athchóiriú sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún le h**Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne** tuarascáil a thíolacadh gach 3 bliana maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus ag an údarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích chun éifeacht a thabhairt do na Coinníollacha Fostaíochta. Ós rud é nach sonraítear le hAirteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne gur cheart tréimhse 3 bliana a chumhdach le gach tuarascáil, is féidir tréimhse níos faide a chumhdach más iomchuí sin, go háirithe d'fhonn tuarascáil níos iomláine agus níos cuimsithí a thíolacadh.

Foilsíodh an chéad tuarascáil faoi Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne in 2017[5] agus foilsíodh an dara tuarascáil in 2021[6]. Agus é á chur san áireamh gur cumhdaíodh an tréimhse

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.
[2] Soláthraítear ar leathanach 10 sainiú mionsonraithe ar na hinstitiúidí agus liosta díobh chun críocha na Tuarascála seo.
[3] Féach leathanach 13 agus Iarscríbhinn IV i gcomhair sonraí.
[4] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, IO L 287, 29.10.2013, lgh. 15-62.
[5] Cumhdaíodh inti an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2016. *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the rules adopted by the appointing authority of each institution to give effect to the Staff Regulations* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne] (COM(2017) 632 final) (dá ngairtear '**tuarascáil 2014-2016**' anseo feasta).
[6] *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the rules adopted by the appointing authority of each institution to give effect to the Staff Regulations* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach

ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019 sa tuarascáil dheireanach, is iomchuí go gcumhdaítear sa tríú tuarascáil tréimhse 4 bliana chun sonraí níos cothroime le dáta a chur i láthair. Dá bhrí sin, cumhdaítear sa tuarascáil seo an tréimhse ón **1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023**.

In éineacht leis an gclár maidir le rialacha cur chun feidhme arna riar ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[7], is uirlis í an tuarascáil lenar féidir **trédhearcacht** a bheith ann agus lena gcuirtear chun cinn **cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta**[8], agus lena bhfágtar go bhfuil na rialacha **inrochtana do shaoránaigh** an Aontais Eorpaigh an tráth céanna.

## 2. BAILIÚ FAISNÉISE i gCOMHAIR NA TUARASCÁLA

Chun an tuarascáil a ullmhú, d'iarr an Coimisiún ar na hinstitiúidí uile an liosta rialacha cur chun feidhme a bunaíodh chun críocha thuarascáil 2017-2019 a thabhairt cothrom le dáta. Ar an gcéad dul síos, iarradh ar na hinstitiúidí an liosta a áirítear i dtuarascáil 2017-2019 a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise na gcinntí uile lena gcuirtear chun feidhme na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid idir an fhaisnéis a soláthraíodh agus na rialacha a taifeadadh sa chlár arna riar ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Bailíodh faisnéis maidir leis na rialacha cur chun feidhme is infheidhme sna gníomhaireachtaí, ar an gcaoi chéanna leis an modheolaíocht a leanadh don dá thuarascáil roimhe seo, ar bhonn taifid chuimsitheacha ranna an Choimisiúin atá freagrach as comhordú a dhéanamh, maidir le hábhair a bhaineann le hacmhainní daonna, ar an gcaidreamh leis na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, leis na gníomhaireachtaí díláraithe agus leis na comhghnóthais.

Tugadh an cleachtadh bailiúcháin sin chun críche an 20 Meitheamh 2024. Bhí fíorú deiridh ar na sonraí uile déanta ag gach institiúid an 22 Samhain 2024. Bailíodh agus fíoraíodh na sonraí maidir leis na gníomhaireachtaí go hinmheánach i mí na Bealtaine 2024.

## 3. PRÍOMHGHNÉITHE NA TUARASCÁLA

### *Cur i láthair na rialacha cur chun feidhme*

I dTeideal 1, soláthraítear tuairisc ar na sásraí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Rialachán Foirne a áirithiú, trí fhorbhreathnú a sholáthar ar na cineálacha éagsúla rialacha is féidir le húdarás ceapacháin a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne nó is féidir le húdarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Coinníollacha Fostaíochta.

---

institiúide chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne] (COM(2021) 258 final) (dá ngairtear **'tuarascáil 2017-2019'** anseo feasta).

[7] Le fáil ar an bhfeidhmchlár idirlín atá inrochtana don phobal 'Ionad Acmhainní Cumarsáide agus Faisnéise um Riaracháin, Gnólachtaí agus Saoránaigh' (dá ngairtear '**CIRCABC**' anseo feasta).

[8] Féach aithris 32 de Rialachán Uimh. 1023/2013 an 22 Deireadh Fómhair 2013.

***Measúnú cainníochtúil / Trédhearcacht***

Soláthraítear i dTeideal 2 fardal uileghabhálach de na rialacha cur chun feidhme uile arna nglacadh ag an údarás ceapacháin nó ag an údarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí éagsúla a thabhairt i gcrích, agus ar an gcaoi sin soláthraítear cuntas soiléir trédhearcach ar an staid atá ann faoi láthair ar fud na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí uile.

Go háirithe, i gcomhaontú leis na hinstitiúidí lena mbaineann, tá táblaí tarraingthe suas ag an gCoimisiún ina sonraítear an staid i ngach ceann de na deich n-institiúid le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023. Ar bhonn na dtáblaí sin, tá tábla ginearálta bunaithe ag an gCoimisiún lena soláthraítear forbhreathnú ar an staid ar fud na n-institiúidí le linn na tréimhse tagartha.

I dtábla ginearálta eile, soláthraítear forbhreathnú comhiomlánaithe ar na rialacha ba infheidhme sna gníomhaireachtaí an 31 Nollaig 2023.

Sainaithnítear sna táblaí na hábhair ar ghlac na húdaráis cheapacháin nó na húdaráis arna n-údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, faoi seach, rialacha ina leith agus a mhéid a bhain údaráis aonair úsáid as a gcumhacht déanta rialacha.

Tugtar barúlacha maidir leis na príomhathruithe ó bhí an tréimhse thuairiscithe dheireanach ann a bhaineann le líon agus cineál na rialacha a glacadh ar fud na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí.

***Measúnú cáilíochtúil / Comhlíonadh***

Cuirtear i láthair sa tuarascáil an chaoi ar chomhlíon údaráis cheapacháin nó údaráis arna n-údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an creat a leagtar síos leis na Rialacháin Foirne agus leis na Coinníollacha Fostaíochta, agus aird ar leith á tabhairt ar ábhair nár bhain na húdaráis úsáid (fós) as a gcumhacht chun rialacha a ghlacadh ina leith.

Sainaithnítear sa tuarascáil freisin aon neamhréireacht leis na Rialacháin Foirne agus leis na Coinníollacha Fostaíochta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na hoibleagáide rialacha cur chun feidhme a ghlacadh, nuair a cheanglaítear sin, agus comhlíonadh an nós imeachta arna fhorchur chun an riail cur chun feidhme atá i gceist a ghlacadh.

Thairis sin, féachtar sa tuarascáil ar na príomhathruithe a tharla i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe seo, go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na hábhair nua a chumhdaítear leis na rialacha a glacadh agus méid an chóineasaithe idir na hinstitiúidí maidir le hábhair na rialacha sin.

Ar deireadh, soláthraítear forbhreathnú sa tuarascáil ar chur i láthair na rialacha cur chun feidhme sa chlár arna riar ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## 4. IONCHAS

Beidh sé de cheangal ar an gCoimisiún an chéad tuarascáil eile a thíolacadh ar bhonn Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne, i bprionsabal, chun na rialacha cur chun feidhme a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2026 a chumhdach.

| |
|---|
| Chuir an Coimisiún an tuarascáil seo i gcrích ar bhonn na sonraí a chuir na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí ar fáil. Is ar an institiúid nó ar an ngníomhaireacht faoi seach atá an fhreagracht as iomláine agus cruinneas na sonraí sin. |

# Clár

**TEIDEAL 1. CUR I LÁTHAIR NA RIALACHA CUR CHUN FEIDHME ......................... 6**

a) Rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais Eorpaigh ('Règles arrêtées d'un commun') ............ 6

b) Forálacha ginearálta cur chun feidhme ('Dispositions générales d'exécution') ............ 7

c) Rialacha cur chun feidhme eile ............ 9

**TEIDEAL 2. MEASÚNÚ CAINNÍOCHTÚIL / TRÉDHEARCACHT ............ 12**

a) Rialacha cur chun feidhme sna hinstitiúidí ............ 12

b) Rialacha cur chun feidhme sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, sna gníomhaireachtaí díláraithe agus sna comhghnóthais ............ 15

**TEIDEAL 3. MEASÚNÚ CÁILÍOCHTÚIL / COMHLÍONADH ............ 18**

a) Comhlíonadh na Rialachán Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile ............ 18

b) An clár arna riar ag an gCúirt Bhreithiúnais ............ 28

**TEIDEAL 4. ACHOIMRE ............ 32**

# TEIDEAL 1. CUR I LÁTHAIR NA RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

| |
|---|
| ***SÁSRAÍ CHUN CUR I bhFEIDHM COMHSHEASMHACH NA RIALACHÁN FOIRNE A ÁIRITHIÚ*** |
| ***→ Cad é an córas dá bhforáiltear leis na Rialacháin Foirne maidir lena gcur chun feidhme?*** |
| ***→ Conas a bhaineann na Rialacháin Foirne amach cur i bhfeidhm comhsheasmhach a bhforálacha?*** |

Cuirtear i láthair sa teideal seo na cineálacha éagsúla rialacha lena gcuirtear chun feidhme na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta de réir bhrí Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne.

Gné ghinearálta de na rialacha sin uile is ea nach mbaineann siad leis an bpobal i gcoitinne. Dá bhrí sin, níl siad faoi réir a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Chun go mbeidh siad in-fhorfheidhmithe i leith na mball foirne lena mbaineann, áfach, ní mór na rialacha a chur in iúl don fhoireann de réir Airteagal 110(4) de na Rialacháin Foirne.

Ba cheart a thabhairt faoi deara ón tús nár tháinig aon athrú ar an gcreat reachtach ó bhí 2014 ann. Ós rud é nach bhfuil cineálacha nua rialacha cur chun feidhme tugtha isteach ag na comhreachtóirí, leanfaidh an tuarascáil seo an struchtúr cur i láthair céanna a leanadh sa dá thuarascáil roimhe seo.

Tagann na rialacha seo a leanas faoi raon feidhme na tuarascála[9][10]:

## a) Rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais Eorpaigh (‘Règles arrêtées d’un commun’)

Déantar foráil leis na Rialacháin Foirne agus leis na Coinníollacha Fostaíochta, maidir le forálacha áirithe a chur i bhfeidhm, i ndáil le rialacha a ghlacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais[11]. Baineann sé sin leis na hábhair seo a leanas:

[9] Ní áirítear sa tuarascáil gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Airteagail 111 agus 112 de na Rialacháin Foirne. Eascraíonn na gníomhartha sin as feidhmiú a rinne an Coimisiún (nó, roimh athchóiriú 2014 ar na Rialacháin Foirne, an Chomhairle) ar an gcumhacht shonrach atá aige chun rialacha a achtú a bhfuil éifeacht ghinearálta acu ar bhaill foirne uile an Aontais. Ar an taobh eile, glacann institiúid rialacha cur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne ar bhonn a cumhachta mar údarás ceapacháin agus bíonn siad teoranta do bhaill foirne na hinstitiúide féin.

[10] Úsáidtear méideanna éagsúla oibleagáide agus foclaíocht éagsúil sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta agus tagairt á déanamh do rialacha cur chun feidhme atá le glacadh ag údarás ceapacháin nó ag údarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (e.g. ‘glacfaidh sé’, ‘glacfaidh sé, más cuí leis,’, ‘féadfaidh sé rialacha mionsonraithe a leagan síos’). Chun críocha na liostaí faoin teideal seo, luaitear na rialacha uile dá dtagraítear sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta, beag beann ar an bhfoclaíocht.

| ***Na Rialacháin Foirne*** | |
|---|---|
| Airteagal 9 + Iarscríbhinn II, Airteagal 2 | An nós imeachta chun an Comhchoiste coiteann (COPARCO) a thionscnamh |
| Airteagal 10(1) | An nós imeachta maidir le comhaltaí a cheapadh ar an gCoiste um Rialacháin Foirne |
| Airteagal 37(b) | Rialacha coiteanna maidir le liosta a bhunú d'eagraíochtaí atá tiomanta do leasanna an Aontais a chur chun cinn |
| Airteagal 45(2) | An cumas oibriú i dtríú teanga roimh an gcéad ardú céime |
| Airteagal 57 | Saoire bhliantúil |
| Airteagal 61 | Liosta laethanta saoire poiblí |
| Airteagal 72(1) | Árachas breoiteachta |
| Airteagal 73(1) | Árachas in aghaidh riosca galair ceirde nó timpistí |
| Airteagal 76a | Cabhair airgeadais lena méadaítear pinsean céile mharthanaigh a bhfuil breoiteacht thromchúiseach nó breoiteacht fhada air nó atá faoi mhíchumas |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 17(2) | Aistriú tráthrialta speisialta ar chuid den luach saothair |
| ***Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*** | |
| Airteagal 28a(10) | Socruithe mionsonraithe maidir leis na forálacha i ndáil le liúntas dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne shealadacha |

## b) Forálacha ginearálta cur chun feidhme ('Dispositions générales d'exécution')

Leis na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta, tugtar cumhachtuithe sonracha don údarás ceapacháin agus don údarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, faoi seach, chun forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh[12]. Baineann sé sin leis na hábhair seo a leanas:

| ***Na Rialacháin Foirne*** | |
|---|---|
| Airteagal 27(2) | Bearta iomchuí tar éis míchothromaíocht nach beag idir náisiúntachtaí i measc oifigeach a thabhairt faoi deara |
| Airteagal 32(2) | Aicmiú céime tráth na hearcaíochta |
| Airteagal 42a | Saoire do thuismitheoirí, tuismitheoirí aonair |

[11] Ní shainítear sna Rialacháin Foirne an próiseas chun riail a ghlacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais. Tugtar tuairisc mhionsonraithe i dtuarascáil 2014-2016 ar an bpróiseas a forbraíodh trí chleachtas idirinstitiúideach.

[12] Tugtar tuairisc mhionsonraithe i dtuarascáil 2014-2016 ar an bpróiseas chun na forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh.

| | |
|---|---|
| Airteagal 43 | Tuarascáil bhliantúil maidir le cumas, éifeachtúlacht agus iompar sa tseirbhís |
| Airteagal 45a(5) | Oifigeach AST a cheapadh chuig post AD ('deimhniú') |
| Airteagal 72(1) | Aisíoc costas leighis |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 3(1) | Liúntas oideachais* |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 9(1) | Speansas aistrithe |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 13a | Misin |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 13(2)(b) | Scála i leith misin i dtríú tíortha |
| Iarscríbhinn VIII, Airteagal 11(2) | Aistriú pinsin ISTEACH |
| Iarscríbhinn IX, Airteagal 2(3) | Fiosruithe riaracháin |
| Iarscríbhinn X, Airteagal 3[13] | Cur i bhfeidhm eisceachtúil Iarscríbhinn X maidir le hoifigigh arna n-athshannadh go sealadach chuig an gCeanncheathrú |
| ***Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*** | |
| Airteagal 12(1) | Bearta iomchuí tar éis míchothromaíocht nach beag idir náisiúntachtaí i measc na mball foirne sealadach a thabhairt faoi deara |
| Airteagal 12(5) | Nósanna imeachta maidir le baill foirne shealadacha a earcú |
| Airteagal 54 | Baill foirne shealadacha dá dtagraítear in Airteagal 2(f) a athaicmiú |
| Airteagal 56 | Fostú agus úsáid ball foirne sealadach dá dtagraítear in Airteagal 2(f) |
| Airteagal 79 | Úsáid ball foirne ar conradh |
| Airteagal 82(6) | Fostú ball foirne ar conradh |
| Airteagal 86(1) | Grádú ball foirne ar conradh |

Murab ionann agus rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir na hinstitiúidí, cinneann gach institiúid inneachar na bhforálacha ginearálta cur chun feidhme[14] de réir phrionsabal neamhspleáchas gach institiúide mar fhostóir mar a aithnítear le hAirteagal 13(2) den

[13] Tabhair faoi deara gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 26 Feabhra 2020 i gcás C-427/18 P, *SEGS / Alba Aguilera et al.* nach leagtar oibleagáid ar an údarás ceapacháin le hAirteagal 1(3) d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh i leith Iarscríbhinn X ina hiomláine. Ina ionad sin, chinn an Chúirt nach bhforordaítear leis an bhforáil ach an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceapacháin forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh i leith Iarscríbhinn X (féach pointí 77 agus 83 den bhreithiúnas). Mar thoradh air sin, ní liostaítear leis seo a thuilleadh Airteagal 1(3) d'Iarscríbhinn X.

[14] I réimse an aisíoca costas leighis faoi chuimsiú na Comhscéime Árachais Breoiteachta, áfach, tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún, ar bhonn na Rialacha Comhpháirteacha maidir le hárachas breoiteachta d'oifigigh an Aontais Eorpaigh, ar forálacha iad a bhfuil éifeacht acu maidir le baill foirne sna hinstitiúidí agus sna gníomhaireachtaí uile.

Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagal 298 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[15].

Glacann údarás inniúil gach institiúide forálacha ginearálta cur chun feidhme tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Foirne agus leis an gCoiste um Rialacháin Foirne, de bhun Airteagal 110(1) de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 141, an chéad fhomhír, de na Coinníollacha Fostaíochta[16]. Sonraítear in Airteagal 142 de na Coinníollacha Fostaíochta go bhfuil feidhm ag forálacha ginearálta cur chun feidhme, dá dtagraítear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne, maidir le seirbhísigh arna gcumhdach ag na Coinníollacha Fostaíochta, i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha na Rialachán Foirne maidir leis na seirbhísigh sin de bhua na gCoinníollacha Fostaíochta.

De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tagraítear leis an nath 'forálacha ginearálta cur chun feidhme' in Airteagal 110(1) de na Rialacháin Foirne, thar aon ní eile, d'fhorálacha ginearálta cur chun feidhme dá bhforáiltear go sainráite le forálacha speisialta áirithe de na Rialacháin Foirne. In imthosca eisceachtúla, áfach, d'fhéadfadh oibleagáid chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh faoi réir cheanglais nós imeachta Airteagal 110(1) de na Rialacháin Foirne teacht chun cinn freisin nuair nach sonraítear go sainráite sna Rialacháin Foirne forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh. De réir na Cúirte, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh 'i gcás ina bhfuil forálacha na Rialachán Foirne chomh doiléir agus neamhbheacht sin nach mór dá gcur i bhfeidhm a bheith treallach.'[17]

## c) Rialacha cur chun feidhme eile

Foráiltear go sainráite freisin sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta maidir le cumhachtuithe d'údarás ceapacháin gach institiúide agus d'údarás gach institiúide arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, faoi seach[18], chun rialacha cur chun feidhme eile a ghlacadh, gan an nós imeachta maidir le glacadh a shonrú a thuilleadh.

Beartaítear go sainráite rialacha cur chun feidhme eile le haghaidh na n-ábhar seo a leanas:

| ***Na Rialacháin Foirne*** | | |
|---|---|---|
| Airteagal 2 | | Cumhachtaí an údaráis ceapacháin a chinneadh |
| Airteagal 5 | (4) | Sainiú cineálacha post |

[15] Deimhníodh an prionsabal sin i leith neamhspleáchas gach institiúide i gcáil fostóra ar bhonn na dlí-eolaíochta, féach breithiúnais an 5 Iúil 2011, *V / Parlaimint na hEorpa*, F-46/09, pointe 135 agus an 28 Aibreán 2017, *Azoulay et al / Parlaimint na hEorpa,* t-580/16, pointe 57 agus an dlí-eolaíocht dá dtagraítear.

[16] Soláthraítear forbhreathnú mionsonraithe i dtuarascáil 2014-2016 ar an bpróiseas chun forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh.

[17] Féach an breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 26 Feabhra 2020 i gcás C-427/18 P, *SEGS / Alba Aguilera et al.*, pointe 57 agus an dlí-eolaíocht dá dtagraítear.

[18] I gcás amháin (maidir le hoifigigh an Choimisiúin atá ag obair i dtoscaireacht de chuid an Aontais agus oifigigh SEGS nach mór dóibh cúraimí a dhéanamh don Choimisiún mar chuid dá ndualgais), foráiltear le hAirteagal 96 de na Rialacháin Foirne do chumhachtú comhpháirteach don Choimisiún agus do SEGS.

| | |
|---|---|
| Airteagal 9 (2) | Comhdhéanamh agus nósanna imeachta comhlachtaí (coistí) |
| Airteagal 22c | Sceithireacht |
| Airteagal 51(1) | Nós imeachta maidir le déileáil le neamhinniúlacht |
| Airteagal 55(3) | Dualgas fuireachais |
| Airteagal 55(4) | Socruithe solúbtha maidir le ham oibre |
| Airteagal 55a + Iarscríbhinn IVa, Airteagal 5 | Obair pháirtaimseartha |
| Airteagal 55b | Postroinnt |
| Airteagal 56 + Iarscríbhinn VI, Airteagal 3 | Ragobair |
| Airteagal 96 | Oifigigh an Choimisiúin atá ag obair i dtoscaireacht Aontais agus oifigigh SEGS nach mór dóibh cúraimí a dhéanamh don Choimisiún mar chuid dá ndualgais |
| Iarscríbhinn VII, Airteagal 14(2) | Liúntas siamsaíochta |
| Iarscríbhinn IX, Airteagal 30 | Imeachtaí smachta |
| Iarscríbhinn X, Airteagal 2 | Oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha a aistriú |
| Iarscríbhinn X, Airteagal 5(2) | Cóiríocht d'oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha |
| Iarscríbhinn X, Airteagal 10(3) | Liúntas le haghaidh dálaí maireachtála |
| Iarscríbhinn X, Airteagal 23 | Aisíoc cíosa le haghaidh oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha |
| Iarscríbhinn XIII, Airteagal 30(3) | Sannadh oifigeach a bhfuil freagrachtaí speisialta orthu chuig 'Ceann aonaid nó a choibhéis' nó 'Comhairleoir nó a choibhéis' roimh an 31 Nollaig 2015 |
| ***Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*** | |
| Airteagal 28a(2) | Forálacha maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú i leith baill foirne shealadacha |
| Airteagal 42 | Coinníollacha maidir le híocaíochtaí chun cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ar bun sa tír thionscnaimh |
| Airteagal 96(2) | Liúntas dífhostaíochta le haghaidh baill foirne ar conradh |
| Airteagal 112 | Coinníollacha maidir le híocaíochtaí le haghaidh cearta pinsin, árachais dífhostaíochta, easláine, saoil agus bhreoiteachta i dtír an chumhdaigh dheireanaigh |
| Airteagal 125(1) | Cúntóirí parlaiminteacha |

Thairis sin, tá rialacha cur chun feidhme glactha ag na hinstitiúidí freisin i gcásanna nach bhforáiltear go sainráite dóibh sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta nuair ba ghá forálacha reachtúla a chur chun feidhme trí bhíthin rialacha ní ba shonraí. Braitheann an próiseas glactha i ndáil leis na rialacha cur chun feidhme eile sin ar chleachtas riaracháin na hinstitiúide lena mbaineann. Ar mhaithe le trédhearcacht, soláthraítear liosta iomlán sa

tuarascáil de rialacha cur chun feidhme eile a ghlac na hinstitiúidí, gan beann ar an nós imeachta glactha a leanadh, ar an teideal, ná ar chineál an ghnímh dlí inar áiríodh na rialacha sin.

***SÁSRAÍ CHUN CUR I bhFEIDHM COMHSHEASMHACH NA RIALACHÁN FOIRNE A ÁIRITHIÚ***

***→ Tá neamhspleáchas ag na hinstitiúidí a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta i leith a mball foirne. Feidhmítear an neamhspleáchas sin faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil dá bhforáiltear sna Rialacháin Foirne.***

***→ Déantar foráil sna Rialacháin Foirne maidir le sásraí sonracha chun cur chuige coiteann idirinstitiúideach a bhaint amach aon uair a éilítear comhchuibhiú den sórt sin i leith an ábhair.***

# TEIDEAL 2. MEASÚNÚ CAINNÍOCHTÚIL / TRÉDHEARCACHT

| ***TRÉDHEARCACHT*** |
|---|
| ***→ Cad iad na rialacha a bhí i bhfeidhm sa tréimhse ábhartha agus cad iad na hábhair lenar bhain siad sna hinstitiúidí agus sna gníomhaireachtaí?*** |
| ***→ Cad iad na príomhathruithe i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe seo i dtéarmaí líon agus cineál na rialacha nuaghlactha?*** |

## a) Rialacha cur chun feidhme sna hinstitiúidí

I gcomhréir le hAirteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagail 1, 1a agus 1b de na Rialacháin Foirne, baineann an tuarascáil seo leis na deich n-institiúid seo a leanas[19]:

- Parlaimint na hEorpa (PE),
- An Chomhairle (C),
- An Coimisiún Eorpach (COIM),
- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE),
- An Chúirt Iniúchóirí (CIE),
- An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí,
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE),
- Coiste na Réigiún,
- An tOmbudsman Eorpach (An tOmbudsman), agus
- An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

Chun críocha an tuarascáil seo a bhunú, tharchuir na naoi n-institiúid eile faisnéis maidir lena rialacha cur chun feidhme chuig an gCoimisiún. I gcomhthráth, cheadaigh an Coimisiún an clár arna riar ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ar bhonn an ionchuir sin agus i gcomhaontú leis na hinstitiúidí lena mbaineann, tá táblaí dréachtaithe ag an gCoimisiún ina sonraítear na rialacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 i ngach ceann de na deich n-institiúid mar a leanas:

- Liosta de na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir na hinstitiúidí (**Iarscríbhinn I**);

[19] De réir Airteagal 36.1 den Phrótacal (Uimh. 4) maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, tá baill foirne an Bhainc Cheannais Eorpaigh faoi réir choinníollacha fostaíochta bhaill foirne BCE.

- Táblaí ina liostaítear forálacha ginearálta cur chun feidhme agus rialacha cur chun feidhme eile a ghlac údarás ceapacháin gach institiúide nó an t-údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (**Iarscríbhinn II**);
- Tábla ginearálta ina soláthraítear achoimre chomparáideach ar na rialacha lena gcuirtear chun feidhme na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta ar fud na n-institiúidí uile (**Iarscríbhinn III**).

Úsáidtear modheolaíocht choiteann sna táblaí:

- Liostaítear iontu rialacha cur chun feidhme a bhí i bhfeidhm, go páirteach ar a laghad, le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil (ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023);
- Grúpáiltear rialacha cur chun feidhme iontu de réir ábhair éagsúla, agus struchtúr na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta á leanúint;
- Sainaithnítear rialacha cur chun feidhme iontu de réir uimhir thagartha, dáta teacht i bhfeidhm[20] agus, más infheidhme, dáta éaga.

Cuireadh an modh comhairimh seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh rialacha cur chun feidhme a chomhaireamh ar bhonn na liostaí i leith gach institiúide;
- Rinneadh riail cur chun feidhme a chomhaireamh aon uair amháin, fiú má cumhdaíodh níos mó ná ábhar amháin léi[21];
- Ní dhearnadh riail lena leasaítear riail a bhí ann cheana a chomhaireamh ar leithligh;
- Má cuireadh riail cur chun feidhme eile in ionad riail cur chun feidhme le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil, níor comhaireadh ach aon riail cur chun feidhme amháin[22];
- Rinneadh rialacha a ghlac aon institiúid amháin nó níos mó i gcomhpháirt a chomhaireamh ar leithligh i ngach institiúid lena mbaineann[23].

Tugtar forbhreathnú cainníochtúil sna trí thábla seo a leanas ar líon na rialacha cur chun feidhme a ghlac na hinstitiúidí le linn na chéad trí thréimhse thuairiscithe (2014-2016, 2017-2019, 2020-2023).

**LÍON NA RIALACHA CUR CHUN FEIDHME A GHLAC INSTITIÚIDÍ AGUS A BHÍ I bhFEIDHM le linn na chéad tréimhse tuairiscithe 2014-2016[24]**

[20] Tabhair faoi deara, i gcásanna nach raibh an dáta teacht i bhfeidhm inaitheanta go héasca, gurb é dáta glactha na rialach a chuirtear i láthair ina ionad sin.

[21] Rinneadh eisceacht i gcás cinntí omnibus arna nglacadh ag SEGS, i.e. cinntí ginearálta lena nglactar, *en bloc* agus de réir analaí, roinnt cinntí speisialta de chuid institiúidí eile. I gcás den sórt sin, comhaireadh an líon cinntí speisialta faoi seach.

[22] Nuair a cuireadh cineál difriúil rialach cur chun feidhme in ionad riail ghinearálta cur chun feidhme (nó *vice versa*), áfach, comhaireadh dhá riail cur chun feidhme (aon cheann amháin i leith gach catagóire rialacha).

[23] Baineann sé sin go háirithe le cinntí comhpháirteacha ó SEGS agus ón gCoimisiún maidir le baill foirne atá ar seirbhís i dToscaireachtaí an Aontais.

| | Rialacha arna nglacadh de chomhthoil | Forálacha ginearálta cur chun feidhme | Rialacha cur chun feidhme eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **PE** | 10 | 19 | 38 | **67** |
| **C** | 10 | 15 | 36 | **61** |
| **COM** | 10 | 24 | 61 | **95** |
| **CBAE** | 10 | 11 | 19 | **40** |
| **CIE** | 10 | 10 | 38 | **58** |
| **SEGS** | 10 | 23 | 39 | **72** |
| **CESE** | 10 | 12 | 37 | **59** |
| **Coiste na Réigiún** | 10 | 15 | 30 | **55** |
| **An tOmbudsman** | 10 | 15 | 12 | **37** |
| **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** | 10 | 16 | 21 | **47** |
| | | | | |
| **Iomlán** | **100** | **160** | **331** | **591** |

**LÍON NA RIALACHA CUR CHUN FEIDHME A GHLAC INSTITIÚIDÍ AGUS A BHÍ I bhFEIDHM le linn an dara tréimhse thuairiscithe 2017-2019**

| | Rialacha arna nglacadh de chomhthoil | Forálacha ginearálta cur chun feidhme | Rialacha cur chun feidhme eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **PE** | 10 | 17 | 45 | **72** |
| **C** | 10 | 15 | 37 | **62** |
| **COM** | 10 | 24 | 62 | **96** |
| **CBAE** | 10 | 11 | 39 | **60** |
| **CIE** | 10 | 10 | 32 | **52** |
| **SEGS** | 10 | 24 | 46 | **80** |
| **CESE** | 10 | 12 | 44 | **66** |
| **Coiste na Réigiún** | 10 | 16 | 34 | **60** |
| **An tOmbudsman** | 10 | 17 | 14 | **41** |
| **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** | 10 | 16 | 25 | **51** |
| | | | | |
| **Iomlán** | **100** | **162** | **378** | **640** |

**LÍON NA RIALACHA CUR CHUN FEIDHME A GHLAC INSTITIÚIDÍ AGUS A BHÍ I bhFEIDHM le linn an tríú tréimhse thuairiscithe 2020-2023**

[24] Díorthaítear an tábla seo ó thábla thuarascáil 2014-2016. Tá ceartú beag déanta ar líonta na chéad tuarascála. Is é is cúis leis sin gur shainaithin formhór na n-institiúidí roinnt rialacha a eisiadh de thaisme ó thuarascáil 2014-2016 agus a bhí i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe atá ann faoi láthair. Tugadh an tábla seo cothrom le dáta chun teacht leis na ceartúcháin sin freisin.

| | Rialacha arna nglacadh de chomhthoil | Forálacha ginearálta cur chun feidhme | Rialacha cur chun feidhme eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **PE** | 10 | 16 | 42 | **68** |
| **C** | 10 | 15 | 30 | **55** |
| **COM** | 10 | 26 | 71 | **107** |
| **CBAE** | 10 | 16 | 29 | **55** |
| **CIE** | 10 | 11 | 29 | **50** |
| **SEGS** | 10 | 27 | 51 | **89** |
| **CESE** | 10 | 12 | 40 | **62** |
| **Coiste na Réigiún** | 10 | 16 | 30 | **56** |
| **An tOmbudsman** | 10 | 15 | 20 | **45** |
| **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** | 10 | 16 | 22 | **48** |
| **Iomlán** | **100** | **170** | **364** | **635** |

Léiríonn comparáid idir táblaí go raibh athrú réasúnta substaintiúil ann idir an chéad tréimhse agus an dara tréimhse, agus gur fhan líon na rialacha cobhsaí den chuid is mó sa tríú tréimhse thuairiscithe.

## b) Rialacha cur chun feidhme sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, sna gníomhaireachtaí díláraithe agus sna comhghnóthais

Soláthraítear forbhreathnú sa tuarascáil seo freisin ar rialacha cur chun feidhme a ghlac na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, na gníomhaireachtaí díláraithe agus na comhghnóthais ('**gníomhaireachtaí**'), a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023. Baineann sé sin leis na 54 ghníomhaireacht seo a leanas[25] de réir bhrí Airteagal 1a(2) de na Rialacháin Foirne:

- 6 ghníomhaireacht feidhmiúcháin,
- 36 ghníomhaireacht dhíláraithe agus chomhlacht de chuid an Aontais, agus
- 12 chomhghnóthas.

Le hathchóiriú 2014 ar na Rialacháin Foirne, bunaíodh creat nua i ndáil le gníomhaireachtaí do ghlacadh rialacha lena gcuirtear chun feidhme na Rialacháin Foirne. Is é an prionsabal ginearálta a tugadh isteach le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne go bhfuil feidhm de réir analaí maidir leis na gníomhaireachtaí ag rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún. Chun na críche sin, cuireann an Coimisiún na gníomhaireachtaí ar an eolas maidir le haon riail cur chun feidhme den sórt sin gan mhoill tar éis ghlacadh na rialacha sin.

[25] Áirítear leis sin Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Mar eisceacht ar phrionsabal analaí, féadfaidh gníomhaireacht a chinneadh, tar éis di dul i gcomhairle lena Coiste Foirne agus tar éis comhaontú an Choimisiúin a fháil, cinneadh aonair a ghlacadh ina leagfar amach:

- gan rialacha áirithe de chuid an Choimisiúin a chur i bhfeidhm (rogha gan bheith páirteach);
- rialacha nach ionann iad agus rialacha an Choimisiúin;
- rialacha maidir le hábhar seachas na cinn a chumhdaítear leis na rialacha arna nglacadh ag an gCoimisiún.

Má fhéachann líon nach beag gníomhaireachtaí le húdarú a fháil i dtaobh gan rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin a chur i bhfeidhm de réir analaí maidir le hábhar áirithe, is féidir leis an gCoimisiún comhaontú um chomhar cothrománach a dheonú ar dá réir is féidir leis na gníomhaireachtaí cinneadh aonair a ghlacadh gan iallach a bheith orthu iarraidh fhoirmiúil a chur isteach (i.e. tugann an Coimisiún comhaontú *ex ante*), ar choinníoll go leanfaidh a gcinneadh aonair na samhailrialacha cur chun feidhme arna gceangal leis an gcomhaontú *ex ante* (dá ngairtear '**cinntí múnla**' anseo feasta). Bíonn na cinntí múnla bunaithe ar rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin ach déantar iad a oiriúnú do chomhthéacs sonrach gníomhaireachtaí, agus dréachtaítear iad i gcomhar le hionadaithe na ngníomhaireachtaí. Leis an bpróiseas sin, rannchuidítear le comhchuibhiú chur i bhfeidhm na Rialachán Foirne i measc gníomhaireachtaí éagsúla.

Sa tábla ginearálta a chuirtear i láthair mar Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an tuarascáil seo, soláthraítear achoimre ar líon agus ar chineálacha na rialacha cur chun feidhme a bhí infheidhme sna gníomhaireachtaí an 31 Nollaig 2023, agus idirdhealú á dhéanamh idir na tréimhsí tuairiscithe éagsúla ó rinneadh athchóiriú 2014 ar na Rialacháin Foirne.

Úsáidtear an mhodheolaíocht seo ann:

- Leantar struchtúr na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta ann chun cuidiú leis na hábhair éagsúla a shainaithint a bhfuil rialacha cur chun feidhme glactha ag na gníomhaireachtaí ina leith;
- Maidir le gach ábhar, déantar idirdhealú sa tábla idir cásanna éagsúla ina bhfuil a rialacha glactha ag na gníomhaireachtaí.

Go háirithe, léirítear sa tábla sin an chaoi ar oibrigh na sásraí a tugadh isteach in 2014 sa chleachtas.

## ÉIFEACHTAÍ NA SÁSRAÍ A TUGADH ISTEACH Ó BHÍ 2014 ANN

| | Tréimhse 2014-2016 | Tréimhse 2014-2019 | Tréimhse 2014-2023 |
|---|---|---|---|
| **Rialacha cur chun feidhme ón gCoimisiún a glacadh tar éis athchóiriú 2014 agus ar tugadh fógra ina leith do na gníomhaireachtaí** | 23 | 29 | 29 |
| **Rialacha cur chun feidhme sna gníomhaireachtaí a bhfuil feidhm acu de réir analaí tar éis athchóiriú 2014 (Airteagal 110 (2) de na Rialacháin Foirne)** | 593 | 749 | 925 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Maoluithe tar éis 2014 (rialacha dá gcuid féin nó rogha gan bheith páirteach)** | 201 | 173 | 129 |
| **Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin** | 14 | 27 | 29 |
| **Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin i réimsí a chumhdaítear le rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin tar éis 2014** | 10 | 21 | 23[26] |
| **Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin i réimsí nach gcumhdaítear le rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin tar éis 2014** | 4 | 6 | 6 |
| **Maoluithe – Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin maidir le neamhchur i bhfeidhm rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin tar éis 2014** | 1 | 3 | 3 |
| **Maoluithe – Comhaontuithe an Choimisiúin le rialacha éagsúla na ngníomhaireachtaí (nach ionann iad agus rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin ná an chinnidh múnla a sholáthraítear le comhaontú *ex ante*)** | | 5 | 7 |
| **Rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ag na gníomhaireachtaí ar bhonn comhaontú *ex ante*** | 284 | 689 | 868 |

Tar éis an athchóirithe a rinneadh ar shásra Airteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne in 2014, is amhlaidh go forleathan go gcuireann gníomhaireachtaí rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin i bhfeidhm de réir analaí nó go nglacann siad a rialacha féin ar bhonn cinneadh múnla. Níor chomhaontaigh an Coimisiún ach trí huaire, nach raibh ábhartha do na gníomhaireachtaí, le neamhchur i bhfeidhm rialacha an Choimisiúin (dhá chinneadh ón gCoimisiún maidir leis an bhfad uasta is féidir dul ar iontaoibh baill foirne neamhbhuana i ranna an Choimisiúin[27] agus cinneadh ón gCoimisiún maidir le feidhm comhairleora[28]). Dheonaigh an Coimisiún seacht gcomhaontú i dtaobh rialacha cur chun feidhme a ghlacadh nach ionann iad agus rialacha cur chun feidhme an Choimisiúin ná an chinnidh múnla.

***TRÉDHEARCACHT***

***→ Soláthraítear fardal uileghabhálach sa tuarascáil de na cineálacha éagsúla rialacha cur chun feidhme ar fud na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí a bhí i bhfeidhm le linn na***

[26] Áirítear leis sin na comhaontuithe *ex ante* maidir le teilea-obair agus am oibre, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.
[27] *Commission Decision C(2013)9028 of 16 December 2013 amending Commission Decision of 28 April 2004 on the maximum duration for the recourse to non-permanent staff in the Commission services* [Cinneadh C(2013)9028 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 lena leasaítear an Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir leis an bhfad uasta is féidir dul ar iontaoibh baill foirne neamhbhuana i ranna an Choimisiúin], *Commission Decision C(2019) 2548 of 5 April 2019 amending Commission Decision of 28 April 2004 on the maximum duration for the recourse to non-permanent staff* [Cinneadh C(2019) 2548 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2019 lena leasaítear an Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 maidir leis an bhfad uasta is féidir dul ar iontaoibh baill foirne neamhbhuana].
[28] *Commission Decision C(2016)3214 of 7 June 2016 concerning the function of adviser* [Cinneadh C(2016)3214 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 maidir le feidhm comhairleora].

***tréimhse ábhartha. Trí mhodheolaíocht choiteann a úsáid, is féidir cur chuige comparáideach a bheith ann ar fud na n-institiúidí, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht.***

***→ Léirítear sa tuarascáil go bhfuil líon foriomlán na rialacha cur chun feidhme fós réasúnta cobhsaí ar fud na n-institiúidí ó bhí an tréimhse thuairiscithe dheireanach ann.***

***→ Léirítear sa tuarascáil go leantar de na sásraí a tugadh isteach le hathchóiriú 2014, arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialacha foirne ar fud na ngníomhaireachtaí a áirithiú, a úsáid go forleathan agus go leanann siad de bheith éifeachtach.***

# TEIDEAL 3. MEASÚNÚ CÁILÍOCHTÚIL / COMHLÍONADH

***COMHLÍONTACHT***

***→ Ar chomhlíon na hinstitiúidí creat na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta?***

***→ An raibh aon chóineasú breise ann i measc na n-institiúidí maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh acu?***

***→ Cad é staid na hoibre maidir leis an gclár atá ag an gCúirt Bhreithiúnais?***

## a) Comhlíonadh na Rialachán Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile

Sa roinn seo a leanas, scrúdaítear sa tuarascáil a mhéid, i gcás údaráis cheapacháin na n-institiúidí agus a n-údarás arna n-údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, a bhain siad úsáid, go dtí seo, as na cumhachtuithe sonracha a dheonaítear leis na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta, faoi seach, chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh (a léirítear thíos i liostaí laistigh de fhráma). Tugtar aird ar leith ar na hábhair nach bhfuil leas bainte (fós) ag na húdaráis as a gcumhacht chun rialacha a ghlacadh ina leith.

Ina theannta sin, liostaítear sa tuarascáil na hábhair a bhfuil rialacha cur chun feidhme glactha ag na hinstitiúidí ina leith ar cinn iad nach bhforáiltear go sainráite dóibh sna Rialacháin Foirne ná sna Coinníollacha Fostaíochta (a thaispeántar thíos i liostaí laistigh de fhráma pollta).

Sna liostaí thuasluaite, sainaithnítear sa tuarascáil freisin aon neamhréireacht leis na Rialacháin Foirne agus leis na Coinníollacha Fostaíochta a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na hoibleagáide rialacha cur chun feidhme a ghlacadh, nuair a cheanglaítear sin, agus

comhlíonadh an nós imeachta arna fhorchur chun an riail cur chun feidhme atá i gceist a ghlacadh. Is é sin an rogha idir rialacha trí chomhaontú idir na hinstitiúidí, forálacha ginearálta cur chun feidhme, agus rialacha cur chun feidhme eile. Cuirtear i dtábhacht na barúlacha sin **i gcló trom** sna liostaí.

Ar deireadh, féachtar sa roinn seo den tuarascáil ar an áit a raibh an ghníomhaíocht rialála dírithe le linn na tréimhse tuairiscithe 2020-2023 a mhéid a bhaineann le hábhair na rialacha cur chun feidhme.

## *Na Rialacháin Foirne*

### *Teideal I – Forálacha ginearálta*

*Airteagal 2 – Cumhacht an údaráis ceapacháin a fheidhmiú*

Tá úsáid bainte ag gach institiúid seachas institiúid amháin as na cumhachtuithe chun rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le feidhmiú cumhachta údaráis ceapacháin. Tá úsáid bainte ag roinnt institiúidí as an bhféidearthacht an chumhacht sin a thabhairt d'institiúid eile nó do chomhlacht idirinstitiúideach eile.

*Airteagal 5(4) – Sainiú na ndualgas agus na gcumhachtaí a bhaineann le gach cineál poist*

Tá úsáid bainte ag gach institiúid as an bhféidearthacht a thugtar leis na Rialacháin Foirne sainiú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na dualgais agus na cumhachtaí a ghabhann le gach cineál poist. Ghlac institiúid amháin forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir leis an ábhar freisin.

*Airteagal 9 + Iarscríbhinn II, Airteagal 2 – Nós imeachta chun an Comhchoiste coiteann (COPARCO) a thionscnamh*

Tá riail trí chomhaontú glactha ag gach institiúid maidir leis na nósanna imeachta chun an Comhchoiste coiteann a thionscnamh.

*Airteagal 9(2) – Comhdhéanamh agus nósanna imeachta na gcomhlachtaí (coistí)*

Tá úsáid bainte ag gach institiúid seachas institiúid amháin as an gcumhachtú chun comhdhéanamh agus nós imeachta na gcomhlachtaí a chinneadh.

*Airteagal 10 – Nós imeachta maidir le comhaltaí a cheapadh ar an gCoiste um Rialacháin Foirne*

Tá riail glactha ag gach institiúid trí chomhaontú maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí a cheapadh ar an gCoiste um Rialacháin Foirne.

*Iarscríbhinn XIII, Airteagal 30(3) – Sannadh oifigeach a bhfuil freagrachtaí speisialta orthu chuig 'Ceann aonaid nó a choibhéis' nó 'Comhairleoir nó a choibhéis' roimh an 31 Nollaig 2015*

Tá forálacha leagtha síos ag cúig institiúid maidir le maolú ar Airteagal 30(2) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne i ndáil le sannadh oifigeach i ngráid AD 9 go AD 14 a bhfuil freagrachtaí speisialta acu chuig an gcineál poist 'Ceann aonaid nó a choibhéis' nó 'Comhairleoir nó a choibhéis' roimh an 31 Nollaig 2015.

Cé nach gceanglaítear go sainráite leis na Rialacháin Foirne é, tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a ndéileáiltear leo i

dTeideal I de na Rialacháin Foirne: míchumas, bearta de chineál sóisialta, teilea-obair, liúntas cúiteach do chatagóirí áirithe ball foirne atá ar seirbhís i Lucsamburg, rialacha maidir le Coiste Comhairleach um Cheapacháin, caighdeáin sláinte agus sábháilteachta, agus aistriú/soghluaisteacht.

Na hábhair a chuir roinnt institiúidí leis sa tréimhse 2020-2023, bhain siad le teilea-obair, le rialacha maidir leis an gCoiste Comhairleach um Cheapacháin, agus le liúntas cúiteach do chatagóirí áirithe ball foirne atá ar seirbhís i Lucsamburg.

### *Teideal II – Cearta agus oibleagáidí na n-oifigeach*

*Airteagal 22c – Rialacha inmheánacha maidir le sceithireacht*

Tá rialacha cur chun feidhme maidir le sceithireacht glactha ag gach institiúid.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a ndéileáiltear leo i dTeideal II de na Rialacháin Foirne: eitic agus ionracas, ciapadh a chosc (lena n-áirítear ciapadh a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa), gníomhaíochtaí seachtracha (lena n-áirítear cinn atá nasctha le toghcháin), áit chónaithe, freagracht airgeadais, ceardchumainn, agus oiliúint (lena n-áirítear oiliúint féintionscnaimh).

Na hábhair a chuir roinnt institiúidí leis sa tréimhse 2020-2023, bhain siad, go háirithe, le gearáin maidir le ciapadh a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, oiliúint féintionscnaimh, agus ceardchumainn.

### *Teideal III – Gairmréim na n-oifigeach*

*Airteagal 27(2) – Bearta iomchuí tar éis míchothromaíocht nach beag idir náisiúntachtaí i measc oifigeach a thabhairt faoi deara*

Níor ghlac ach institiúid amháin forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir leis an ábhar.

*Airteagal 32(2) – Aicmiú céime tráth na hearcaíochta*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid chun sinsearacht bhreise suas le 24 mhí ar a mhéad a cheadú chun taithí ghairmiúil oifigigh a chur san áireamh.

*Airteagal 37(b) – Bunú liosta eagraíochtaí atá tiomanta do leasanna an Aontais a chur chun cinn*

Tá liosta tarraingthe suas ag gach institiúid, trí chomhaontú, ar a bhfuil eagraíochtaí atá tiomanta do leasanna an Aontais a chur chun cinn.

*Airteagal 42a – Saoire do thuismitheoirí, tuismitheoirí aonair*

Tá forálacha cur chun feidhme glactha ag gach institiúid maidir le saoire do thuismitheoirí, lena n-áirítear an cheist maidir le tuismitheoirí aonair a shainaithint chun fad na saoire do thuismitheoirí a dhúbailt. **Is amhlaidh, áfach, i gcás institiúid amháin, nach bhfuil na rialacha sin glactha aici i bhfoirm forálacha ginearálta cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 42a(1) de na Rialacháin Foirne.**

*Airteagal 43 – Tuarascáil bhliantúil maidir le cumas, éifeachtúlacht agus iompar sa tseirbhís*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid maidir le tuarascálacha bliantúla i ndáil le cumas, éifeachtúlacht agus iompar sa tseirbhís. Ghlac trí institiúid rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar sin freisin.

*Airteagal 45(2) – An cumas oibriú i dtriú teanga roimh an gcéad ardú céime*

Tá rialacha glactha ag gach institiúid, trí chomhaontú, maidir leis an gceanglas atá ar oifigigh an cumas oibriú i dtriú teanga a léiriú roimh a gcéad ardú céime.

*Airteagal 45a(5) – Oifigeach AST a cheapadh chuig post AD*

Tá forálacha cur chun feidhme glactha ag gach institiúid chun éifeacht a thabhairt don fhéidearthacht oifigeach i bhfeidhmghrúpa AST a cheapadh chuig post i bhfeidhmghrúpa AD, dá ngairtéar an nós imeachta deimhniúcháin. **Is amhlaidh, áfach, i gcás institiúid amháin, nach bhfuil na rialacha sin glactha aici i bhfoirm forálacha ginearálta cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 45a(5) de na Rialacháin Foirne.**

*Airteagal 51(1) – Nós imeachta chun le déileáil le neamhinniúlacht*

Tá forálacha inmheánacha glactha ag ocht n-institiúid chun cásanna neamhinniúlachta a shainaithint, chun déileáil leo agus chun iad a leigheas ar bhealach tráthúil, iomchuí. **Tá na rialacha sin glactha ag institiúid amháin i bhformáid forálacha ginearálta cur chun feidhme.**

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a ndéileáiltear leo i dTeideal III de na Rialacháin Foirne: an mheánbhainistíocht, earcú oifigeach sinsearach, promhadh, iasacht, saoire ar fhoras pearsanta, saoire theaghlaigh, saoire ar mhaithe leis an tseirbhís, céim chun cinn, deimhniú i bpoist bhainistíochta, ardú céime, scor, agus rang onórach.

Baineann na hábhair a chuir roinnt institiúidí leis sa tréimhse 2020-2023 le cothromaíocht gheografach, saoire theaghlaigh, saoire ar mhaithe leis an tseirbhís, agus neamhinniúlacht ghairmiúil.

## *Teideal IV – Dálaí oibre na n-oifigeach*[29]

*Airteagal 55(3) – Dualgas fuireachais*

**Níl rialacha mionsonraithe leagtha síos ag aon institiúid maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha i ndáil le dualgas fuireachais faoin Airteagal seo.** I gcás dhá institiúid, áfach, tá rialacha cur chun feidhme maidir le dualgas fuireachais glactha acu de bhun Airteagal 56b de na Rialacháin Foirne.

*Airteagal 55(4) – Am oibre / socruithe solúbtha maidir le ham oibre*

Tá socruithe solúbtha maidir le ham oibre tugtha isteach ag gach institiúid.

*Airteagal 55a + Iarscríbhinn IVa, Airteagal 5 – Obair pháirtaimseartha*

Tá rialacha mionsonraithe leagtha síos ag gach institiúid chun na forálacha maidir le hobair pháirtaimseartha a chur i bhfeidhm. Ghlac seacht n-institiúid rialacha maidir leis an teilea-obair faoin Airteagal sin freisin.

*Airteagal 55b – Comhroinnt post*

[29] Tá cumhachtuithe sonracha don Choimisiún i dTeideal IV freisin (roimh Athchóiriú Foirne 2014 ar na Rialacháin Foirne: don Chomhairle) i dtaobh catagóirí oifigeach atá i dteideal liúntais shonracha (sealobair, dualgas fuireachais, dálaí oibre an-dian) a chinneadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Ní thagann na gníomhartha tarmligthe sin faoin tuarascáil seo, féach fonóta 5.

Tá rialacha mionsonraithe leagtha síos ag institiúid amháin maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail i ndáil le comhroinnt post.

*Airteagal 56 – Ragobair*

Tá rialacha leagtha síos ag seacht n-institiúid maidir leis an nós imeachta chun ragobair a údarú nó téarmaí an liúntais sheasta.

*Airteagal 57 – Saoire bhliantúil*

**Níl rialacha leagtha síos ag na hinstitiúidí trí chomhaontú idir na hinstitiúidí maidir le saoire bhliantúil. Ina ionad sin, tá a rialacha cur chun feidhme féin glactha ag naoi n-institiúid maidir leis an ábhar sin.**

*Airteagal 61 – Liosta laethanta saoire poiblí*

Tá liosta laethanta saoire poiblí tarraingthe suas ag gach institiúid trí chomhaontú.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a bhaineann le Teideal IV de na Rialacháin Foirne: saoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, nós imeachta easláine, cuairt leighis bhliantúil, dualgas fuireachais faoi Airteagal 56b de na Rialacháin Foirne, agus neamhláithreacht.

Na hábhair a chuir roinnt institiúidí leis sa tréimhse 2020-2023, bhain siad go háirithe le saoire mháithreachais, saoire bhliantúil, teilea-obair, saoire bhreoiteachta, dualgas fuireachais faoi Airteagal 56b de na Rialacháin Foirne, agus neamhláithreacht. Ghlac na hinstitiúidí forálacha maidir leis an teilea-obair faoi fhorálacha éagsúla den Teideal seo agus faoi Theideal I freisin.

## *Teideal V – Díolaíochtaí agus slándáil shóisialta le haghaidh na n-oifigeach*

*Airteagal 72(1) – Árachas breoiteachta*

Tá rialacha tarraingthe suas ag gach institiúid trí chomhaontú maidir le hárachas breoiteachta.

*Airteagal 72(1) – Aisíoc costas leighis*

Tar éis cumhachtú ó na hinstitiúidí uile dá bhforáiltear in Airteagal 72(1), an tríú fomhír, de na Rialacháin Foirne, tá rialacha glactha ag an gCoimisiún lena rialaítear aisíoc costas, ar rialacha iad is infheidhme sna hinstitiúidí uile.

*Airteagal 73(1) – Árachas in aghaidh riosca galair ceirde nó timpistí*

Tá rialacha tarraingthe suas ag gach institiúid, trí chomhaontú, maidir le hárachas in aghaidh riosca galair ceirde nó timpistí.

*Airteagal 76a – Cabhair airgeadais lena méadaítear pinsean céile mharthanaigh a bhfuil breoiteacht thromchúiseach nó breoiteacht fhada air nó atá faoi mhíchumas*

Tá rialacha socraithe ag gach institiúid trí chomhaontú lena gcuirtear chun feidhme cabhair airgeadais lena méadaítear pinsean céile mharthanaigh a bhfuil breoiteacht thromchúiseach nó breoiteacht fhada air nó atá faoi mhíchumas.

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 3(1) – Liúntas oideachais*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme leagtha síos ag gach institiúid maidir le liúntas oideachais.

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 9(1) – Costais aistrithe*

Tá forálacha cur chun feidhme glactha ag gach institiúid maidir le costais aistrithe. **Is amhlaidh, áfach, i gcás institiúid amháin, nach bhfuil na rialacha sin glactha aici i bhfoirm forálacha ginearálta cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.**

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 13(2)(b) – Scála le haghaidh misin i dtríú tíortha*

Tá an scála costas le linn misean a dhéantar i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach socraithe ag dhá institiúid.

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 13a – Costais mhisin*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le costais mhisin glactha ag gach institiúid. Ghlac trí institiúid rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar sin freisin.

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 14(2) – Liúntas siamsaíochta*

Níl téarmaí leagtha síos ag aon institiúid chun costais siamsaíochta a thabhaítear ó am go chéile a aisíoc.

*Iarscríbhinn VII, Airteagal 17(2) – Cuid den luach saothair a aistriú*

Tá rialacha leagtha síos ag gach institiúid trí chomhaontú maidir le haistriú tráthrialta speisialta cuid de luach saothair oifigigh.

*Iarscríbhinn VIII, Airteagal 11(2) – Aistriú pinsin ISTEACH*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag naoi n-institiúid chun líon na mblianta seirbhíse inphinsin a chinneadh a chuirfear chun sochair oifigeach a thiocfaidh isteach i seirbhís an Aontais tar éis dó imeacht as seirbhís riaracháin rialtais nó as seirbhís eagraíochta náisiúnta nó idirnáisiúnta nó a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht i gcáil dhífhostaithe nó i gcáil fhéinfhostaithe, faoi scéim pinsin an Aontais, i leith na tréimhse seirbhíse roimhe sin. **Is amhlaidh i gcás institiúid amháin nach bhfuil forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha aici go fóill mar a cheanglaítear le hAirteagal 11(2) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.** Ghlac institiúid amháin rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar freisin.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag beagnach gach institiúid freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a ndéileáiltear leo i dTeideal V de na Rialacháin Foirne: liúntais teaghlaigh, liúntas teaghlaigh trí chinneadh speisialta, daoine a gcaitear leo amhail is dá mba leanbh cleithiúnach iad, costais taistil bhliantúla, áit tionscnaimh, costais taistil mhisin agus dualgais, agus aistriú ceart pinsin. I bhformhór mór na gcásanna, roghnaigh na hinstitiúidí forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na hábhair sin.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir le hiasachtaí agus airleacain, cearta pinsin a ríomh, ranníocaíocht le haghaidh costais iompair phoiblí, luathscor, agus liúntas easláine.

Na hábhair a chuir roinnt institiúidí leis sa tréimhse 2020-2023, bhain siad le costais taistil mhisin agus dualgais agus le ranníocaíocht le haghaidh costais iompair phoiblí.

## *Teideal VI – Bearta araíonachta*

*Iarscríbhinn IX, Airteagal 2(3) – Fiosrúcháin riaracháin*

Tá rialacha cur chun feidhme maidir le fiosrúcháin riaracháin i bhfoirm forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid.

*Iarscríbhinn IX, Airteagal 30 – Imeachtaí araíonachta*

Ar bhonn níos ginearálta, tá rialacha cur chun feidhme maidir le himeachtaí araíonachta glactha ag gach institiúid.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag institiúid amháin maidir le himscrúduithe a bhaineann le boird roghnúcháin EPSO agus ghlac institiúid amháin rialacha cur chun feidhme maidir le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc.

## *Teideal VII – Achomhairc*

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag institiúid amháin maidir le gearáin de réir bhrí Airteagail 90 agus 91 de na Rialacháin Foirne.

## *Teideal VIIIa – Forálacha speisialta is infheidhme maidir le SEGS*

*Airteagal 96 – Oifigigh an Choimisiúin atá ag obair i dtoscaireacht Aontais agus oifigigh SEGS nach mór dóibh cúraimí a dhéanamh don Choimisiún*

Tá an Coimisiún agus SEGS tagtha ar chomhaontú maidir leis na socruithe mionsonraithe i ndáil le glacadh treoracha ón gCeann Toscaireachta ag oifigeach de chuid an Choimisiúin atá ag obair i dtoscaireacht Aontais agus ón gCoimisiún ag oifigeach de chuid SEGS nach mór dó cúraimí a dhéanamh don Choimisiún.

## *Teideal VIIIb – Forálacha speisialta agus eisceachtúla is infheidhme maidir le hoifigigh atá ar seirbhís i dtríú tír*

*Iarscríbhinn X, Airteagal 1, an tríú mír – Oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tír*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme is infheidhme maidir le hoifigigh an Aontais Eorpaigh atá ar seirbhís i dtríú tír glactha ag an gCoimisiún agus SEGS. Tá sé soiléirithe ag an gCúirt Bhreithiúnais ina cásdlí nach gcuirtear d’oibleagáid ar na hinstitiúidí faoi na Rialacháin Foirne forálacha ginearálta cur chun feidhme a ghlacadh i leith Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Más rud é go roghnaíonn institiúid é sin a dhéanamh, áfach, ní mór an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne (i.e. glacadh trí bhíthin forálacha ginearálta cur chun feidhme) a leanúint[30].

*Iarscríbhinn X, Airteagal 2 – Aistriú oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha*

Tá rialacha mionsonraithe cur chun feidhme leagtha síos ag dhá institiúid maidir le haistrithe oifigeach trí nós imeachta sonrach dá dtagraítear mar ‘an nós imeachta soghluaisteachta’.

*Iarscríbhinn X, Airteagal 3 – Cur i bhfeidhm eisceachtúil Iarscríbhinn X maidir le hoifigigh arna n-athshannadh go sealadach chuig an gCeanncheathrú*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme leagtha síos ag dhá institiúid maidir le liúntas oideachais a dheonú do bhaill foirne a shanntar go sealadach chuig an gCeanncheathrú.

*Iarscríbhinn X, Airteagal 5(2) – Cóiríocht d’oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha*

[30] Féach breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-427/18 P, *SEGS / Alba Aguilera et al.*, pointe 77.

Tá rialacha mionsonraithe leagtha síos ag dhá institiúid maidir le cóiríocht a sholáthar d'oifigeach.

*Iarscríbhinn X, Airteagal 10(3) – Liúntas i leith dálaí maireachtála*

Tá forálacha mionsonraithe glactha ag dhá institiúid maidir leis an liúntas i leith dálaí maireachtála. Ghlac institiúid amháin forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir leis an ábhar sin freisin.

*Iarscríbhinn X, Airteagal 23 – Aisíoc cíosa i leith oifigigh atá ar seirbhís i dtríú tíortha*

Tá rialacha mionsonraithe leagtha síos ag dhá institiúid maidir le liúntas cóiríochta nó aisíoc cíosa.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha freisin ag an gCoimisiún agus SEGS maidir leis na hábhair seo a leanas a ndéileáiltear leo i dTeideal VIIIb de na Rialacháin Foirne agus in Iarscríbhinn X a ghabhann leo: saoire shosa, airgeadra agus ualú, aisíocaíocht le hoifigigh arna sannadh chuig tíortha nach Ballstáit iad, soghluaisteacht ghníomhairí ar conradh SEGS, liúntas cóiríochta sealadaí agus costas iompair, árachas breoiteachta agus árachas timpiste. Ghlac an Coimisiún freisin rialacha cur chun feidhme is infheidhme maidir le baill foirne atá ar seirbhís in Oifig an Choimisiúin sa Ghraonlainn a bhfuil feidhm ag forálacha Iarscríbhinn X a ghabhann leis na Rialacháin Foirne maidir leo mar gheall ar stádas sonrach na Graonlainne.

Sa tréimhse 2020-2023, níor chuir an Coimisiún agus SEGS leis ach rialacha cur chun feidhme maidir le liúntas oideachais a dheonú do bhaill foirne arna sannadh go sealadach chuig an gCeanncheathrú. Ghlac an Coimisiún rialacha cur chun feidhme freisin maidir le baill foirne atá ar seirbhís in Oifig an Choimisiúin sa Ghraonlainn.

### *Teideal IX – Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha*

Ghlac institiúid amháin rialacha cur chun feidhme maidir le híocaíocht chúiteach agus forálacha ginearálta cur chun feidhme a bhaineann le cearta pinsin.

## ***Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile***

### *Teideal II – Baill foirne shealadacha*

*Airteagal 12(1), an tríú fomhír – Bearta iomchuí tar éis míchothromaíocht nach beag idir náisiúntachtaí i measc na mball foirne sealadach a thabhairt faoi deara*

Faoi Airteagal 12(1), an tríú fomhír, ceadaítear do gach institiúid bearta iomchuí a ghlacadh tar éis míchothromaíocht nach beag a thabhairt faoi deara idir náisiúntachtaí i measc na mball foirne sealadach, ar míchothromaíocht í nach bhfuil údar léi ar bhonn critéir oibiachtúla. Ní mór údar maith a thabhairt maidir leis na bearta iomchuí sin agus ní bhunófar critéir earcaíochta riamh orthu nach critéir iad atá bunaithe ar thuillteanas. Sula nglacfar na bearta iomchuí sin, glacfaidh an t-údarás arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích forálacha ginearálta cur chun feidhme. Tráth a tugadh an tuarascáil seo chun críche, níl forálacha cur chun feidhme den sórt sin glactha ag aon institiúid go fóill.

*Airteagal 12(5) – Nósanna imeachta maidir le baill foirne shealadacha a earcú*

Tá forálacha cur chun feidhme glactha ag cúig institiúid maidir leis na nósanna imeachta chun baill foirne shealadacha a earcú. **Is amhlaidh, áfach, i gcás dhá cheann as gach cúig institiúid, nár comhlíonadh an ceanglas rialacha den sórt sin a ghlacadh i bhfoirm forálacha ginearálta cur chun feidhme, mar a**

**cheanglaítear le hAirteagal 12(5) de na Coinníollacha Fostaíochta. Tá cúig institiúid fós le rialacha a ghlacadh maidir le baill foirne shealadacha a earcú.**

*Airteagal 28a(2) – Forálacha maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú le haghaidh baill foirne shealadacha*

Níl forálacha leagtha síos ag aon institiúid maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne shealadacha.

*Airteagal 28a(10) – Socruithe mionsonraithe maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne shealadacha*

Tá socruithe mionsonraithe leagtha síos ag gach institiúid, trí chomhaontú frithpháirteach, le haghaidh na bhforálacha maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne shealadacha.

*Airteagal 42 – Coinníollacha maidir le híocaíochtaí chun cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ar bun sa tír thionscnaimh*

Níl coinníollacha leagtha síos ag aon institiúid maidir le híocaíochtaí chun cearta pinsin a bhunú nó a choinneáil ar bun sa tír thionscnaimh le haghaidh baill foirne shealadacha.

*Airteagal 54 – Baill foirne shealadacha a athaicmiú – Airteagal 2(f) de na Coinníollacha Fostaíochta*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag na gníomhaireachtaí uile chun na forálacha maidir le haicmiú ball foirne sealadach (Airteagal 2(f) de na Coinníollacha Fostaíochta) sa ghrád díreach os a gcionn a chur chun feidhme. Ghlac gach gníomhaireacht seachas aon ghníomhaireacht amháin na forálacha ginearálta cur chun feidhme sin ar bhonn comhaontú *ex ante* de chuid an Choimisiúin, agus ghlac gníomhaireacht amháin a rialacha éagsúla féin.

*Airteagal 56 – Baill foirne shealadacha a fhostú agus a úsáid – Airteagal 2(f) de na Coinníollacha Fostaíochta*

Tá forálacha ginearálta glactha ag na gníomhaireachtaí uile maidir le cur chun feidhme na nósanna imeachta lena rialaítear fostú agus úsáid ball foirne sealadach (Airteagal 2(f) de na Coinníollacha Fostaíochta). Ghlac gach gníomhaireacht seachas dhá ghníomhaireacht na rialacha sin ar bhonn comhaontú *ex ante* de chuid an Choimisiúin, agus ghlac dhá ghníomhaireacht a rialacha éagsúla féin.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a bhaineann le Teideal II de na Coinníollacha Fostaíochta: Clár na nGairmithe Sóisearacha, beartas ginearálta maidir le gníomhairí sealadacha a fhostú agus a úsáid, baill foirne shealadacha a athaicmiú, bearta de chineál sóisialta, aicmiú céime i gcás baill foirne shealadacha, dálaí oibre tiománaithe is gníomhairí sealadacha, pá máithreachais, luathscor, agus dálaí oibre i leith tiománaithe is gníomhairí sealadacha.

Na hábhair a cuireadh leis sa tréimhse 2020-2023, bhain siad go háirithe le beartas ginearálta maidir le baill foirne shealadacha a fhostú agus le haicmiú céime ball foirne sealadach.

## *Teideal IV – Baill foirne ar conradh*

*Airteagal 79(2) – Úsáid ball foirne ar conradh*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid lena rialaítear úsáid ball foirne ar conradh. Ghlac dhá institiúid rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar freisin.

*Airteagal 82(6) – Fostú ball foirne ar conradh*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid maidir leis na nósanna imeachta chun baill foirne ar conradh a fhostú. Ghlac trí institiúid rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar freisin.

*Airteagal 86(1) – Grádú bail foirne ar conradh*

Tá forálacha ginearálta cur chun feidhme glactha ag gach institiúid maidir le grádú ball foirne ar conradh. Ghlac institiúid amháin rialacha cur chun feidhme eile maidir leis an ábhar freisin.

*Airteagal 96(2) – Forálacha maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú le haghaidh baill foirne ar conradh*

Níl forálacha leagtha síos ag aon institiúid maidir le liúntas dífhostaíochta a dheonú do bhaill foirne ar conradh.

*Airteagal 112 – Coinníollacha maidir le híocaíochtaí le haghaidh cearta pinsin, árachas dífhostaíochta, easláine, saoil agus breoiteachta i dtír an chumhdaigh dheireanaigh*

Níl coinníollacha leagtha síos ag aon institiúid maidir le híocaíochtaí le haghaidh cearta pinsin, árachas dífhostaíochta, easláine, saoil agus breoiteachta i dtír an chumhdaigh dheireanaigh.

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag roinnt institiúidí freisin maidir leis na hábhair seo a leanas a bhaineann le Teideal IV de na Coinníollacha Fostaíochta: rialacha is infheidhme maidir le baill foirne arna bhfostú faoin dlí náisiúnta nach bhfuil incháilithe le bheith ina ngníomhaire ar conradh, baill foirne ar conradh a bhreithmheas agus a athaicmiú, an fad uasta is féidir dul ar iontaoibh baill foirne neamhbhuana, ateangairí comhdhála cúnta, dálaí oibre ateangairí, agus soghluaisteacht ball foirne ar conradh i dtoscaireachtaí.

Na hábhair a cuireadh leis i leith na tréimhse 2020-2023, bhain siad le hathaicmiú ball foirne ar conradh.

## *Teideal V – Foireann áitiúil*

Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún agus SEGS maidir le coinníollacha fostaíochta, modh tuarastail, leas sóisialta do ghníomhairí áitiúla i dtoscaireachtaí, agus Comhchoistí maidir le Foireann Áitiúil. Tá rialacha cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún freisin maidir le comhchoistí i ndáil le Foireann Áitiúil.

## *Teideal VI – Comhairleoirí speisialta*

Tá rialacha cur chun feidhme maidir le comhairleoirí speisialta glactha ag institiúid amháin.

## *Teideal VII – Cúntóirí parlaiminteacha*

*Airteagal 125 – Cúntóirí parlaiminteacha*

Tá bearta cur chun feidhme glactha ag Parlaimint na hEorpa le cinneadh inmheánach chun críocha chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le cúntóirí parlaiminteacha.

*****

A mhéid a bhaineann leis an gcóineasú ar ábhair na rialacha cur chun feidhme, is cosúil ón méid roimhe seo go raibh cóineasú breise idir na hinstitiúidí le linn na tréimhse tuairiscithe. Ba mhó an cóineasú sin sna hábhair a raibh rialacha glactha ina leith cheana ag tromlach na n-institiúidí sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin nó roimhe sin arís, agus inar lean institiúidí eile a sampla. Bhain sé sin go háirithe leis na hábhair seo a leanas: cineálacha poist agus teidil phoist, coistí, frithchiapadh, oiliúint, saoire ar fhoras pearsanta, am oibre, obair pháirtaimseartha, teilea-obair, liúntas teaghlaigh trí chinneadh speisialta, costais taistil mhisin agus dualgais.

Tharla roinnt cóineasaithe, a bhí níos teoranta, freisin maidir le hábhair a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, aistriú, eitic agus ionracas, earcú oifigeach sinsearach, cuairt leighis bhliantúil, iasachtaí agus airleacain, agus imeachtaí araíonachta.

Áiríodh ar na hábhair a thug institiúid amháin nó níos mó[31] isteach le linn na tréimhse tuairiscithe *cabhair fhorlíontach a dheonú do dhaoine faoi mhíchumas*, teilea-obair, *liúntas cúiteach do chatagóirí áirithe ball foirne atá ar seirbhís i Lucsamburg*, *gearáin maidir le ciapadh a bhaineann le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa*, oiliúint féintionscnaimh, *ceardchumainn*, saoire theaghlaigh, saoire ar mhaithe leis an tseirbhís, neamhinniúlacht ghairmiúil, *cothromaíocht gheografach*, saoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta, neamhláithreacht, saoire bhliantúil, costais taistil mhisin agus dualgais, *ranníocaíocht le haghaidh iompar poiblí, dualgas fuireachais faoi Airteagal 56b de na Rialacháin Foirne, forálacha speisialta maidir le foireann atá ar seirbhís in Oifig an Choimisiúin sa Ghraonlainn, liúntas oideachais le linn sannadh sealadach chuig an gCeanncheathrú, Clár na nGairmithe Sóisearacha sa Choimisiún*, beartas maidir le baill foirne shealadacha a fhostú agus aicmiú céime ball foirne sealadach, agus athaicmiú ball foirne ar conradh.

## b) An clár arna riar ag an gCúirt Bhreithiúnais

Ó bhí mí Feabhra 2014 ann, tá clár na rialacha arna nglacadh ag údarás ceapacháin gach institiúide agus gníomhaireachta agus ag údarás gach institiúide agus gníomhaireachta arna údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích le fáil go poiblí tríd an bhfeidhmchlár idirlín 'Ionad Acmhainní Cumarsáide agus Faisnéise um Riaracháin, Gnólachtaí agus Saoránaigh (Circabc)' ar féidir é a rochtain trí chuntas tiomnaithe Sheirbhís Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh.

Is é seo a leanas struchtúr doiciméad an chláir:

| Teideal | Tuairisc |
|---|---|
| **1. Na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta** | *'Is iad seo na Rialacháin is infheidhme maidir le hoifigigh an Aontais Eorpaigh agus na Coinníollacha fostaíochta is infheidhme maidir le seirbhísigh eile an Aontais.'* |
| **2. Rialacha de chineál ginearálta** | *'Is rialacha iad seo arna nglacadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh nó gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach chun na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm agus is infheidhme maidir le foireann institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais.'* |

[31] Is le *cló iodálach* a mharcáiltear ábhair úrnua a tugadh isteach le linn na tréimhse tuairiscithe.

| | |
|---|---|
| **3. Rialacha a shocraítear de chomhthoil** | *'Tagraítear go sainráite in airteagail áirithe de na Rialacháin Foirne, maidir lena gcur i bhfeidhm, do rialacha a shocraítear de chomhthoil idir na hinstitiúidí. Glacann gach institiúid na rialacha sin ar an mbealach ceannann céanna, agus suíonn Uachtarán na Cúirte Breithiúnais ar deireadh go bhfuil na hinstitiúidí ar comhthoil.'* |
| **4. Forálacha ginearálta cur chun feidhme (FGCCF)** | *'I gcás ina bhforáiltear go sainráite amhlaidh sna Rialacháin Foirne, glacann gach institiúid a forálacha ginearálta féin maidir le hairteagail na Rialachán Foirne a chur chun feidhme, tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoiste Foirne agus tuairim a fháil ón gCoiste um Rialacháin Foirne. Glacann na hinstitiúidí téacsanna áirithe freisin i bhfoirm 'forálacha ginearálta cur chun feidhme' i gcás ina ndéantar foráil in airteagail na Rialachán Foirne maidir le 'forálacha cur chun feidhme' nó i gcás nach bhfuil na forálacha reachtúla sainráite go leor chun iad a chur i bhfeidhm go díreach.'* |
| **5. Rialacha cur chun feidhme eile (RCCF)** | *'Is téacsanna iad seo a ghlacann gach institiúid chun na Rialacháin Foirne a chur chun feidhme agus ní rialacha a shocraítear de chomhthoil iad ná forálacha ginearálta cur chun feidhme.'* |

Is de réir institiúide a eagraítear na rialacha faoi gach teideal agus tá fillteán comhpháirteach ann le haghaidh ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Tá roinnt de na hinstitiúidí tar éis a rialacha cur chun feidhme a eagrú tuilleadh i bhfofhillteáin de réir ábhair.

A mhéid a bhaineann leis na gníomhaireachtaí, cuirtear a rialacha cur chun feidhme i láthair sa chlár faoi na teidil 'Forálacha ginearálta cur chun feidhme (FGCCF)' agus 'Rialacha cur chun feidhme eile (RCCF)' san fhillteán comhpháirteach 'gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh'.

Tá fofhillteáin san fhillteán le haghaidh na nithe seo a leanas:

- 'Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin maidir le FGCCF maolaithe' agus 'Comhaontuithe *ex ante* an Choimisiúin maidir le RCCF maolaithe', faoi seach, a dtugtar an tuairisc '*Comhaontuithe is infheidhme maidir leis na gníomhaireachtaí uile*' orthu. *Comhaontuithe is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Comhaontuithe is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus comhghnóthais.'* Déantar na fofhillteáin sin a fhoroinnt a thuilleadh ina bhfillteáin de réir ábhair.
- 'Comhghnóthas'
- 'Gníomhaireachtaí díláraithe'
- 'Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin'

Baineann an tuarascáil seo leis na rialacha a liostaítear faoi theidil 3-5 sa chlár.

Maidir leis na rialacha sin, léirítear le ceadú an chláir go bhfuil na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí go ginearálta ar an eolas gurb ann don chlár agus faoin gceanglas a rialacha cur chun feidhme a chur isteach ann. Ní hionann in aon chor leibhéal comhlíontachta an cheanglais sin ar fud na n-institiúidí, áfach, agus tá éagsúlacht mhór ann idir na cineálacha rialacha.

Tá na taifid sa chlár iomlán a mhéid a bhaineann leis na rialacha a shocraítear de chomhthoil.

A mhéid a bhaineann le forálacha ginearálta cur chun feidhme, is cosúil go bhfuil an leibhéal comhlíontachta ard, mar go bhfuil rialacha curtha isteach ag gach institiúid. É sin ráite, tá an

chuid is mó dá bhforálacha ginearálta cur chun feidhme sa chlár i gcás roinnt institiúidí, ach tá sé fós neamhiomlán i gcás institiúidí eile.

Os a choinne sin, a mhéid a bhaineann le rialacha cur chun feidhme eile, tá a gcuid rialacha curtha isteach sa chlár ag formhór na ngníomhaireachtaí [32] agus ag 5 as 10 n-institiúid. Tá na taifid níos cothroime le dáta i gcás roinnt institiúidí, ach i gcás institiúidí eile tá líon nach beag rialacha cur chun feidhme fós le cur isteach. Níl aon rialacha cur chun feidhme curtha isteach ag dhá institiúid.

I bhfianaise a bhfuil thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann ábhar an chláir agus ábhar na tuarascála seo, ach amháin a mhéid a bhaineann leis na rialacha arna socrú de chomhthoil.

Anuas ar na difríochtaí a thagann chun cinn mar gheall ar leibhéil éagsúla iomláine na faisnéise a chuirtear isteach sa chlár, eascraíonn roinnt éagsúlachta as sainiúlachtaí na modheolaíochta a úsáidtear le haghaidh na tuarascála seo. Go háirithe, níl sa tuarascáil seo ach rialacha cur chun feidhme a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2020-2023, ach tá rialacha cur chun feidhme sa chlár freisin nach raibh infheidhme a thuilleadh le linn na tréimhse sin. Soláthraíonn roinnt institiúidí na rialacha i leagan teanga amháin, agus uaslódálann institiúidí eile níos mó leaganacha teanga nó gach leagan teanga atá ar fáil. Thairis sin, tá rialacha curtha isteach ar leithligh sa chlár ag roinnt institiúidí lena leasaítear riail a bhí ann cheana, ach ní shainaithnítear rialacha leasaitheacha sa tuarascáil seo mar rialacha ar leithligh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mhol Coláiste Chinn Riaracháin na n-institiúidí uile gur cheart na rialacha cur chun feidhme nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh a bhaint den chlár, gur cheart na rialacha a chur isteach sna leaganacha teanga uile atá ar fáil, agus gur cheart do gach institiúid an clár a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad[33].

***COMHLÍONTACHT***

***→ Tá creat na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta comhlíonta den chuid is mó ag na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí.***

***→ Ní thugtar le fios sa tuarascáil seo gurb ann d'aon saincheist shistéamach ná cinn is cúis imní ar shlí eile.***

***→ Fágann an tuarascáil go bhféadfar na réimsí – an-teoranta – a shainaithint ina bhfuil na hinstitiúidí fós chun deiridh ar an gcreat reachtúil.***

***→ Bhí cóineasú breise ann idir na hinstitiúidí maidir le hábhair a bhaineann le rialacha cur chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe. Ba mhó an cóineasú sin sna hábhair a raibh rialacha glactha ina leith cheana ag tromlach na n-institiúidí sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin nó roimhe sin arís, agus inar lean institiúidí eile a sampla. Tharla***

[32] Ní raibh an Coimisiún in ann a mheasúnú ar cuireadh isteach rialacha ábhartha uile na ngníomhaireachtaí uile.
[33] CA-D 3654/22.

***roinnt cóineasú níos teoranta freisin maidir le hábhair eile. Tugadh isteach roinnt bheag ábhair nua freisin.***

***→ Is clár feidhmiúil é an ceann atá i seilbh na Cúirte Breithiúnais, ach níl a inneachar sioncronaithe leis an tuarascáil seo. Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme beacht an cheanglais maidir le rialacha cur chun feidhme a chur isteach sa chlár agus é a chomhaontú i measc na n-institiúidí.***

# TEIDEAL 4. ACHOIMRE

Soláthraítear forbhreathnú sa tuarascáil seo ar na rialacha a ghlac na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta, a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2023.

Léirítear sa tuarascáil go bhfuil neamhspleáchas ag na hinstitiúidí a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta i leith a mball foirne. Feidhmítear an neamhspleáchas sin faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil dá bhforáiltear sna Rialacháin Foirne. Thairis sin, déantar foráil sna Rialacháin Foirne maidir le sásraí sonracha chun cur chuige coiteann idirinstitiúideach a bhaint amach, aon uair a éilíonn an t-ábhar comhchuibhiú den sórt sin.

Léirítear sa tuarascáil gur bhain na hinstitiúidí úsáid fhorleathan as a gcumhacht chun rialacha a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do na Coinníollacha Fostaíochta, cé gurb amhlaidh, i gcás údaráis cheapacháin na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí aonair agus a n-údarás arna n-údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, gur ar leibhéil éagsúla a d'fheidhmigh siad an chumhacht sin. Is féidir breathnú ar an éagsúlacht sin mar léiriú ar chúinsí riaracháin éagsúla san fhíorshaol agus ar phrionsabal neamhspleáchais gach institiúide mar fhostóir mar a aithnítear i ndlí an Aontais.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse inar tharla paindéim COVID-19 agus inar ceanglaíodh ar institiúidí áirithe bearta *ad hoc*, nó, go deimhin, rialacha cur chun feidhme, a ghlacadh chun freagairt do riachtanais na seirbhíse ag an am. Ba mar bheart idirthréimhseach a ceapadh cuid de na rialacha cur chun feidhme a glacadh sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, glacadh agus aisghaireadh na rialacha sin le linn na tréimhse tuairiscithe agus níl tionchar díreach acu ar líon foriomlán na rialacha cur chun feidhme a bhí i bhfeidhm ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Thairis sin, ghlac na hinstitiúidí uile rialacha nua maidir le ham oibre agus obair hibrideach, lenar dócha go bhfuiltear ag tógáil ar an taithí a fuarthas ar bhealaí solúbtha oibre ar bhonn phaindéim COVID-19.

Léirítear sa tuarascáil roinnt cóineasú breise i measc na n-institiúidí maidir le líon nach beag ábhar rialacha cur chun feidhme le linn na tréimhse tuairiscithe, amhail ciapadh a chomhrac agus iompar eiticiúil.

Soláthraítear fardal uileghabhálach sa tuarascáil de na rialacha cur chun feidhme a glacadh ar fud na n-institiúidí. Cuirtear na rialacha cur chun feidhme uile i láthair inti trí leas a bhaint as modheolaíocht choiteann. Fágann sé sin gur féidir cur chuige comparáideach a bheith ann ar fud na n-institiúidí, lena bhfeabhsaítear an trédhearcacht. Maidir leis na gníomhaireachtaí, soláthraítear forbhreathnú comhiomlánaithe sa tuarascáil agus déantar anailís inti ar éifeachtaí na sásraí comhchuibhithe a tugadh isteach in 2014.

A mhéid a bhaineann le comhlíonadh, is féidir a theacht ar an gconclúid ar bhonn na tuarascála gur urramaigh údaráis cheapacháin na n-institiúidí agus na ngníomhaireachtaí agus

a n-údaráis arna n-údarú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, den chuid is mó, agus rialacha cur chun feidhme á nglacadh acu, an creat dlíthiúil dá bhforáiltear leis na Rialacháin Foirne agus leis na Coinníollacha Fostaíochta. Ní thugtar le fios sa tuarascáil gurb ann d'aon saincheisteanna sistéamacha ná cinn is cúis imní ar shlí eile. Fágann sí go bhféadfar na réimsí – an-teoranta – a shainaithint ina bhfuil na hinstitiúidí fós chun deiridh ar an gcreat reachtúil.

Tá clár na rialacha cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne amhail ó mhí Feabhra 2014, curtha ar bun ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá an clár sin ar fáil go poiblí agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil gur clár feidhmiúil é, ach nach bhfuil a inneachar sioncronaithe go hiomlán leis an tuarascáil seo.

Chun léargas chun cinn a sholáthar, tarchuirfidh ranna an Choimisiúin an tuarascáil seo chuig Cinn Riaracháin na n-institiúidí uile, rud a chuirfidh ar a gcumas do na hinstitiúidí measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht aonair féin leis an gcreat reachtúil a dtugtar tuairisc air sa tuarascáil seo agus na gníomhaíochtaí a mheastar is gá a dhéanamh.

Cumhdófar sa chéad tuarascáil eile ar bhonn Airteagal 110(6) de na Rialacháin Foirne na rialacha cur chun feidhme atá i bhfeidhm i bprionsabal sa tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

---

## IARSCRÍBHINNÍ

| | |
|---|---|
| **Iarscríbhinn I** | **Rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir na hinstitiúidí** |
| **Iarscríbhinn II** | **Rialacha cur chun feidhme sna hinstitiúidí** |
| **Iarscríbhinn III** | **Tábla comhdhlúite i leith na n-institiúidí** |
| **Iarscríbhinn IV** | **Rialacha cur chun feidhme sna gníomhaireachtaí** |